



# Liosta Seiceála d'Éisteacht na hÓige

## Cad ba cheart do mo pháiste a bheith in ann a dhéanamh? Breith – 1 Bhliain

Éisteacht agus Tuiscint	Caint
<b>Breith-3 Mhí</b>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Go mbainfeadh fuaimeanna arda geit as</li> <li>Go n-éiríonn an leanbh ciúin nó go ndéanann siad miongháire nuair a labharat leo</li> <li>Do ghutha a aithint de réir dealraimh, agus go gciúnaíonn a gcaoineadh síos ar chloisteáil do ghutha</li> <li>Méadaíonn/laghdaíonn a n-iompar diúil mar fhreagairt ar fhuaim</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fuaimeanna pléisiúir a dhéanamh (plobaireacht, gliogaireacht)</li> <li>A bheith ag caoineadh ar shlíte éagsúla ar mhaithe le riachtanais éagsúla</li> <li>Miongháire a dhéanamh ar thú a fheiceáil</li> </ul>
<b>4-6 Mhí</b>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Na súile a bhogadh i dtreo fuaimeanna</li> <li>Freagairt d'athruithe i dtuin do ghutha</li> <li>Bréagáin a dhéanamh fuaimeanna a thabhairt faoi deara</li> <li>Aird a thabhairt ar cheol</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fuaimeanna plobaireachta a dhéanamh atá cosúil le caint, cuid mhór fuaimeanna éagsúla iontu, p, b agus m ina meas</li> <li>Sclogáil agus gáire a dhéanamh</li> <li>Corraí agus mishásamh a chur in iúl leis an nguth</li> <li>Fuaimeanna glugacha a dhéanamh ina haonar/aonar agus iad ag súgradh leat</li> </ul>
<b>7 Mí - 1 Bhliain</b>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Taitneamh a bhaint as cluichí ar nós cluichí glúcaíochta agus cluichí bualadh bos rithimeacha</li> <li>Tiontú agus féachaint i dtreo fuaimeanna</li> <li>Éisteacht nuair a labhraítear léi/leis</li> <li>Focail d'earraí coitianta a aithint ar nós "cupa", "bróg", "leabhar", nó "sú"</li> <li>Tús á chur le freagraí a thabhairt ar iarratais (e.g. "Gabh anseo" nó "Tuilleadh uait?")</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpaí fada agus gearra fuaimeanna sa phlobaireacht cuir i gcás "tata úpúp bibibí"</li> <li>Úsáid a bhaint as urlabhra nó fuaimeanna nach fuaimeanna caointe iad chun aird daoine eile a tharraingt agus a choinneáil orthu</li> <li>Úsáid a bhaint as comharthaí le cumarsáid a dhéanamh (croitheadh (lámha), lámha a chur in airde ionas go bpiocfar suas iad)</li> <li>Aithris a dhéanamh ar fhuaimneanna éagsúla cainte</li> <li>Focal nó dhó a bheith aici/aige (haigh, mada, dada, mama) thart faoin gcéad bhreithlá, cé gur féidir nach mbeidh na fuaimeanna soiléir</li> </ul>

## Cad ba cheart do mo pháiste a bheith in ann a dhéanamh? 1 – 2 Bhliain

Éisteacht agus Tuiscint	Caint
<ul style="list-style-type: none"> <li>A m(h)éar a úsáid chun diríú ar roinnt de na baill bheatha nuair a iarrtar uirthi/air fúthu.</li> <li>Orduithe beaga a leanúint agus ceisteanna simplí a thuiscint ("Roll an liathróid," "Póg an babai," "Cá bhfuil do bhróg?").</li> <li>Éisteacht le scéalta, amhráin agus rainn shimplí.</li> <li>A m(h)éar a úsáid chun diríú ar phictiúir i leabhar nuair a ainmnítear iad</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Níos mó focal a rá gach mí.</li> <li>Roinnt ceisteanna a bhfuil aon fhocal nó dhá fhocal iontu a úsáid ("Cá bhfuil puísín?" "Gabh slán-slán?" "Cad sin?").</li> <li>Dhá fhocal a chur le chéile ("tuilleadh briosa," "níl anon sú," "leabhar mhamaí").</li> <li>A lán fuaimeanna consan éagsúla a úsáid ag tús focal.</li> </ul>



## Cad ba cheart do mo pháiste a bheith in ann a dhéanamh? 2 – 3 Bliana

Éisteacht agus Tuiscint	Caint
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Difríochtaí céille a thuiscint (“ar aghaidh-stop,” “in-ar,” “mór-beag,” “suas-síos”).</li> <li>• Dhá iarratas a leanúint (“Faigh an leabhar agus cuir ar an mbord é”).</li> <li>• Éisteacht le scéalta le haghaidh tréimhsí níos faide ama, agus sult a bhaint astu</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Focal a bheith aici/aige do bheagnach gach rud.</li> <li>• Úsáid a bhaint as dhá fhocal nó trí fhocal le labhairt faoi rudaí agus le rudaí a iarraidh.</li> <li>• Na fuaimeanna c, g, f, t, d, agus n a úsáid.</li> <li>• Tuigeann éisteacht a bhfuil aithne acu air nó uirthi a c(h)uid urlabhra an chuid is mó den am.</li> <li>• Rudaí a ainmniú chun iad a iarraidh nó aird a dhíriú orthu go minic</li> </ul>

## Cad ba cheart do mo pháiste a bheith in ann a dhéanamh? 3 – 4 Bliana

Éisteacht agus Tuiscint	Caint
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tú a chloisteáil nuair a scairteann tú ó sheomra eile.</li> <li>• Teilifís nó raidió a chloisteáil ag an leibhéal céanna airde agus a chloiseann na baill eile den teaghlach iad.</li> <li>• Ceisteanna simplí “cé?,” “cad é/céard/cad?,” “cén áit/cá háit?,” agus “cén fáth/cad chuige?” a fhreagairt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Labhairt faoi ghníomhaíochtaí a tharla ar scoil nó i dtithe cairde.</li> <li>• Is gnách go dtuigeann daoine lasmuigh den teaghlach urlabhra an pháiste.</li> <li>• Úsáid a bhaint as cuid mhór abairtí a bhfuil níos mó ná 4 fhocal iontu.</li> <li>• Labhairt go héasca de ghnáth gan siollaí nó focail a athrá</li> </ul>

## Cad ba cheart do mo pháiste a bheith in ann a dhéanamh? 4 – 5 Bliana

Éisteacht agus Tuiscint	Caint
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aird a dhíriú ar scéal gairid agus ceisteanna faoin scéal a fhreagairt.</li> <li>• An chuid is mó den mhéid a dheirtear sa bhaile agus ar scoil a chloisteáil agus a thuiscint.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Abairtí a úsáid a thugann cuid mhór mhionsonraí (“Is liomsa an phéitseog is mó”).</li> <li>• Scéalta a insint a chloíonn leis an ábhar.</li> <li>• Cumarsáid a dhéanamh go héasca le páistí eile agus le daoine fásta.</li> <li>• An chuid is mó fuaimeanna a rá i gceart seachas roinnt bheag amhail l, s, r, v, z, ch, sh, th.</li> <li>• Focail ríme a úsáid.</li> <li>• Roinnt litrithe agus uimhreacha a ainmniú.</li> <li>• An ghramadach chéanna a úsáid is a úsáideann an chuid eile den teaghlach</li> </ul>

**Má bhíonn tú buartha faoi chaint, faoi urlabhra nó faoi éisteacht do pháiste, déan é sin a phlé le do Dhochtúir Teaghlach nó leis an Altra Sláinte Poiblí**



Arna athchló le cead ó “How Does Your Child Hear and Talk.” Ar fáil ó <http://www.asha.org/public/speech/development/chart.htm>.

© 2013. American Speech-Language-Hearing Association. Gach ceart ar cosaint